Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Eanáir 2020
(OR. de, en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0138(COD)**

**14401/19**
**ADD 1 REV 2 (en, fr, da, el, fi, cs, et, lv, lt, hu, mt, pl, sk, sl, bg, ro, hr, ga)**

**TRANS 548**
**CODEC 1665**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13984/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9075/18 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair a chur i gcrích<br>– Cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ó thoscaireacht na Gearmáine maidir leis an ábhar thuasluaite, atá le cur isteach i miontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid, Fuinneamh) an 2 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine le haghaidh mhiontuairiscí an chruinnithe inar gcinneadh ar Chur Chuige Ginearálta a ghlacadh sa Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh i ndáil le togra le haghaidh Rialachán maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras- Eorpach iompair a chur i gcrích**

Déanann an Ghearmáin talamh slán de nach bhfuil d'aidhm ag na forálacha nós imeachta brostaithe a chuimsítear sa togra atá ann faoi láthair ach cúrsa agus eagrú foirmiúil na nósanna imeachta ábhartha a rialáil, agus nach dochar iad do na critéir shubstainteacha a eascraíonn as ceanglais an dlí substaintigh.

Is é a dhéanann an Ghearmáin talamh slán de go háirithe, nach gceanglófar leis an mbunteorainn ceithre bliana chun nósanna imeachta um deonú ceada a chríochnú, a leagtar amach in Airteagal 6(1) den dréachtchur chuige ginearálta, i gcomhthéacs thrasuí na Treorach sa dlí náisiúnta nó chur i bhfeidhm an dlí náisiúnta i gcomhréir leis an Treoir sin, aon teorannú substainteach le raon feidhme an mheasúnaithe maidir le ceanglais cosanta comhshaoil ná aon laghdú ar na critéir lena ndéanfar measúnú den sórt sin agus cinneadh údarúcháin á dhéanamh.